C/2025/2924

20.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M11968 — BANK J SAFRA SARASIN / SAXO BANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2924)

1. An 8 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Bank J. Safra Sarasin AG ('BJSS', an Eilvéis), faoi lánúinéireacht J. Safra Sarasin Holding AG ('JSSH', an Eilvéis) agus faoi rialú deiridh JS International Holdings Limited ('JS International', na Bahámaí),

— Saxo Bank A/S ('Saxo Bank', an Danmhairg), faoi rialú Geely Financials Denmark A/S ('Geely', an Danmhairg).

Gheobhaidh BJSS, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú ar Saxo Bank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc lánseirbhíse príobháideach san Eilvéis é BJSS a bhaineann le grúpa baincéireachta J. Safra Sarasin, a bhfuil speisialtóireacht aige i mbaincéireacht phríobháideach agus i mbainistiú rachmais agus sócmhainní agus a bhfuil oibríochtaí aige ar fud na hEorpa, na hÁise, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

— Is soláthraí Danmhargach seirbhísí bróicéireachta miondíola digiteacha agus ardán trádála agus infheistíochta ilsócmhainní ar líne é Saxo Bank do chustaiméirí ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11968 — BANK J SAFRA SARASIN / SAXO BANK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.